

1 Geata Thuain  
Cearnóg Belgard Thoir  
Tamhlacht, BÁC 24  
D24X62W

+353 (01) 4529600  
eolas@booacdl.ie  
www.ddletb.ie

1 Tuansgate  
Belgard Square East  
Tallaght, Dublin 24  
D24X62W

+353 (01) 4529600  
info@ddletb.ie  
www.ddletb.ie



**NA MIONTUAIRISÍ Ó CHRUINNIÚ BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATHA AGUS  
DHÚN LAOGHAIRE**

**A TIONÓLADH DÉ LUAIN, AN 26 MÁRTA 2019, SNA HOIFIGÍ RIARACHÁIN, 1 GEATA THUAIN,  
CEARNÓG BELGARD THOIR, TAMHLACHT, BAILE ÁTHA CLIATH, 24**

**I Láthair:**

An Clr. Mick Duff, Cathaoirleach  
An Clr. Sorcha Nic Chormaic  
An Clr. Roderic O'Gorman  
An Clr. Eithne Loftus  
An Clr. Grainne Maguire  
An Clr. Conor McMahon  
Gerry McGuire  
An Dr. John Walsh  
Claire Markey  
Olive Phelan  
Anne Genockey  
Gerry McCaul  
Barry Hempenstall  
An Clr. Pat Hand (ar an bhfón)

**I láthair:**

Paddy Lavelle, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
Debbie Howlett, Stiúrthóir na Rannóige Tacaíochta agus Forbartha  
Eagraíochta  
An Dr. Fionnuala Anderson, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna

**Leithscéalta:**

An Clr. Liona O'Toole  
Karen Gleeson  
An Clr. Ossian Smyth  
An Clr. Howard Mahony  
Paul McNally  
An Clr. Duncan Smith  
Paul McEvoy, Stiúrthóir na Rannóige Tacaíochta agus Forbartha  
Eagraíochta

Ar dtús, cuireadh ár gcomhbhrón in iúl do mhuintir Zack Foley, dalta ón dara bliain a bhí ag freastal ar Choláiste Pobail Leamhcáin.

## **1. Miontuairiscí**

Na miontuairiscí ón gcruinniú a tionóladh an 21 Eanáir 2019

Rinneadh na miontuairiscí a dhearbhuú agus a shíniú tar éis do Gerry Maguire iad a mholadh agus don Clr. Sorcha Nic Chormaic tacú leo.

## **2. Nithe ag Éirí Astú**

Dada

## **3. Breithniú na dTuarascálacha ó Choistí**

- 3.1. Miontuairiscí BB C.P. Ard Giolláin, an 28 Samhain 2018
- 3.2. Tuarascáil CL C.P. Ard Giolláin an 28 Samhain 2018
- 3.3. Beartas Iontrála C.P. Ard Giolláin 2019/2020
- 3.4. Cód iompraíochta C.P. Ard Giolláin Deireadh Fómhair 2018
- 3.5. Beartas Iontrála C.P. Bhaile Bhrigín 2019-2020
- 3.6. Beartas Iontrála C.P. Bhaile Bhrigín 2020-2021
- 3.7. Cód Iompraíochta C.P. Bhaile Bhrigín
- 3.8. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 10 Feabhra 2016
- 3.9. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 15 Márta 2016
- 3.10. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 4 Bealtaine 2016
- 3.11. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 9 Bealtaine 2016
- 3.12. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 1 Meitheamh 2016
- 3.13. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 12 Deireadh Fómhair 2016
- 3.14. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 9 Samhain 2016
- 3.15. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 16 Samhain 2016
- 3.16. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 23 Samhain 2016
- 3.17. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 19 Nollaig 2016
- 3.18. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 15 Feabhra 2017
- 3.19. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 16 Feabhra 2017
- 3.20. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 23 Feabhra 2017
- 3.21. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 8 Bealtaine 2017
- 3.22. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 31 Bealtaine 2017
- 3.23. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 13 Meán Fómhair 2017
- 3.24. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 4 Deireadh Fómhair 2017
- 3.25. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 6 Nollaig 2017
- 3.26. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 14 Nollaig 2017
- 3.27. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 20 Nollaig 2017
- 3.28. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 5 Feabhra 2018
- 3.29. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 7 Márta 2018
- 3.30. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 14 Bealtaine 2018
- 3.31. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 13 Lúnasa 2018
- 3.32. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 19 Meán Fómhair 2018
- 3.33. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 1 Deireadh Fómhair 2018
- 3.34. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 9 Deireadh Fómhair 2018
- 3.35. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 29 Samhain 2018
- 3.36. Miontuairiscí BB C.P. Chaisleán Cnucha, an 3 Nollaig 2018
- 3.37. Miontuairiscí BB Choláiste Chillíain, an 22 Deireadh Fómhair 2018

- 3.38. Miontuairiscí BB Choláiste Chilllain, an 26 Samhain 2018
- 3.39. Miontuairiscí BB Choláiste de hÍde, an 4 Nollaig 2018
- 3.40. Beartas Iontrála Choláiste de hÍde 2018/2019
- 3.41. Cód Iompraíochta Choláiste de hÍde 2017/2018
- 3.42. Miontuairiscí BB Choláiste Pobail Setanta, an 22 Meitheamh 2018
- 3.43. Beartas Iontrála Choláiste Pobail Setanta do Dhaltáí na Chéad Bhliana 2019/2020
- 3.44. Beartas Iontrála Ginearálta Choláiste Pobail Setanta 2019/2020
- 3.45. Cód Iompraíochta Choláiste Pobail Setanta 2017/2018
- 3.46. Miontuairiscí BB C.P. Ráth an Deagánaigh, an 11 Nollaig 2018
- 3.47. Tuarascáil CL C.P. Ráth an Deagánaigh, an 11 Nollaig 2018
- 3.48. Beartas Iontrála C.P. Dhomhnach Bat 2019-2020
- 3.49. Miontuairiscí BB I.B.O. Dhún Laoghaire, an 4 Nollaig 2018
- 3.50. Tuarascáil CL & Miontuairiscí BB C.B.O. Dhún Droma, an 28 Samhain 2018
- 3.51. Beartas Iontrála C.B.O. Dhún Droma 2018
- 3.52. Cód Cleachtais agus Beartas Iontrála C.B.O. Dhún Droma
- 3.53. Miontuairiscí BB C.P. Fhine Gall, an 13 Samhain 2018
- 3.54. Tuarascáil CL C.P. Fhine Gall, an 13 Samhain 2018
- 3.55. Cód Iompraíochta C.P. Fhine Gall, Meitheamh 2018
- 3.56. Miontuairiscí BB C.P. Theach na Giúise, an 4 Nollaig 2018
- 3.57. Beartas Iontrála C.P. Theach na Giúise 2018
- 3.58. Cód Iompraíochta C.P. Theach na Giúise, Nollaig 2017
- 3.59. Miontuairiscí BB C.P. na Gráinsí, an 4 Nollaig 2018
- 3.60. Tuarascáil CL C.P. na Gráinsí, an 4 Nollaig 2018
- 3.61. Cód Iompraíochta Choláiste na nGlaschnoc 2018
- 3.62. Miontuairiscí BB C.P. an Ghrífin, an 21 Samhain 2018
- 3.63. Beartas Iontrála C.P. an Ghrífin 2020
- 3.64. Miontuairiscí BB C.P. Choill an Rí, an 8 Samhain 2018
- 3.65. Beartas Iontrála C.P. Choill an Rí 2018-19
- 3.66. Beartas Iontrála C.P. Choill an Rí 2019-20
- 3.67. Cód Iompraíochta C.P. Choill an Rí 2018
- 3.68. Miontuairiscí BB C.P. na Ciseoige, an 23 Bealtaine 2018
- 3.69. Miontuairiscí BB C.P. na Ciseoige, an 20 Meán Fómhair 2018
- 3.70. Miontuairiscí BB C.P. na Ciseoige, an 24 Deireadh Fómhair 2018
- 3.71. Miontuairiscí BB C.P. na Ciseoige, an 5 Nollaig 2018
- 3.72. Cód Iompraíochta C.P. na Ciseoige 2015
- 3.73. Miontuairiscí BB C.P. Leamhcáin, an 10 Nollaig 2018
- 3.74. Miontuairiscí BB C.P. Leamhcáin, an 29 Eanáir 2019
- 3.75. Beartas Iontrála don Chéad Bhliain BB C.P. Leamhcáin 2019-2020
- 3.76. Cód Iompraíochta BB C.P. Leamhcáin 2018
- 3.77. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Lotrail, an 8 Bealtaine 2018
- 3.78. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Lotrail, an 12 Meitheamh 2018
- 3.79. Beartas Iontrála C.P. Bhaile Lotrail 2019-2020
- 3.80. Cód Iompraíochta C.P. Bhaile Lotrail
- 3.81. Miontuairiscí BB C.B.O. an Naigín, an 15 Samhain 2018
- 3.82. Cód Iompraíochta C.B.O. an Naigín
- 3.83. Miontuairiscí BB P.S.N. Aoife, an 7 Samhain 2018
- 3.84. Miontuairiscí BB P.S.N. Aoife, an 5 Nollaig 2018
- 3.85. Tuarascáil CL P.S.N. Aoife, Feabhra 2019
- 3.86. Miontuairiscí BB P.S.N. Ghráinne, an 9 Deireadh Fómhair 2018
- 3.87. Beartas Iontrála C.P. na Sceirí 2018

3.88. Miontuairiscí BB C.P. Shoird, an 23 Deireadh Fómhair 2018

3.89. Beartas Iontrála C.P. Shoird 2020

Glacadh leis na tuarascálacha thuas ar mholadh Claire Markey, agus thacaigh an Dr. John Walsh leo.

Achomhairc faoi Alt 29

3.90. Coláiste Pobail Setanta, an 17 Eanáir 2019, Taifead ar chinneadh CPS42

3.91. C.P. Ghleanntán na hAbhann, an 8 Feabhra 2019, Taifead ar chinneadh, an chéad éisteacht RCC3

3.92. Coláiste na nGlaschnoc, an 25 Feabhra 2019, Taifead ar chinneadh GRCC4

3.93. C.P. Ghleanntán na hAbhann, an 25 Feabhra 2019, Taifead ar chinneadh, an dara héisteacht RCC3

Nótáilte

D'fhiosraigh an Dr. John Walsh faoin iarratas a chur C.P. Chaisleán Cnucha isteach ar chosáin a athphábháil agus faoina stádas reatha. Dúirt an POF go n-eagródh sé nuashonrú ón bhfoireann tógála.

#### 4. Gnó curtha isteach ag an bPríomh Oifigeach Feidhmiúcháin

##### 4.1. Airgeadas

##### 4.1.1. Tuarascáil airgeadais Nótáilte

AN BHLIAIN GO DTÍ MÍ NA NOLLAG 2018					
	Clár	Airgead Deontais Tosaigh Iarmhéid	Fáltais	Íocaíochtaí	Iarmhéid Airgid Deontais Deiridh
I	COMLÁN NA PRÍOMHSCÉIME MAR PHÁ	(53,526)	(110,089,031)	110,185,744	43,187
I	COMLÁN NA PRÍOMHSCÉIME NEAMH PHÁ	4,289,275	(10,031,010)	8,461,194	2,719,459
	AN tIOMLÁN A BHAINNEANN LEIS AN tPRÍOMHSCÉIM	(2,947,736)	(3,468,965)	3,392,201	(3,024,500)
I	COMLÁN NA mBUNSCOILEANNA	(137,522)	(1,053,243)	1,043,689	(147,076)
C	AIPIREAL IOMLÁN	(2,514,907)	(7,950,317)	6,895,715	(3,569,509)
I	COMLÁN NA nDEONTAS TRÍÚ LEIBHÉAL	(410,286)	0	-	(410,286)
A	AN tIOMLÁN NACH mBAINEANN LEIS AN bPRÍOMHSCÉIM	(2,360,229)	(21,272,304)	22,932,760	(699,773)
I	COMLÁN NA nIONAD OILIÚNA	(3,050,172)	(38,115,541)	37,576,416	(3,589,296)
I	COMLÁN NA SEIRBHÍSÍ ÓIGE	(366,017)	(10,474,996)	10,399,149	(441,864)

I	<b>DMLÁN NA GNÍOMHAIREACHTA</b>	<b>(596,841)</b>	<b>(3,116,497)</b>	<b>3,330,304</b>	<b>(383,033)</b>
I	<b>DMLÁN AN FHÉINMHAOINITHE</b>	<b>(5,744,348)</b>	<b>(5,466,889)</b>	<b>5,023,938</b>	<b>(6,187,298)</b>
	<b>larmhéid Bainc</b>	<b>13,892,309</b>	<b>211,038,793</b>	<b>(209,241,111)</b>	<b>(15,689,991)</b>
	<b>MÓRIOMLÁN</b>	<b>(13,892,309)</b>	<b>(211,038,793)</b>	<b>209,241,111</b>	<b>(15,689,991)</b>

Bhí thart ar €15m ar láimh ag BOOÁC DL ag deireadh mhí na Nollag. Baineann an t-easnamh sa Phríomhscéim mar Phá le difríocht uainithe idir an tráth ar eisíodh íocaíochtaí le baill foirne agus an tráth a fuarthas an t-airgead ón Roinn. Carnadh an t-easnamh ar an bPríomhscéim Neamhphá thar chúpla bliain agus is easnamh iarbhír é a mbeidh gá roinnt airgid a fháil chun é a réiteach. Rinneadh é sin a phlé leis an Roinn agus dúirt siad go bhfuil a ndícheall á dhéanamh acu chun a chinntiú nach tiocfaidh méadú ar an easnamh sin bliain i ndiaidh bliana. Níl aon phlean curtha ar bun ag an Roinn chun an t-easnamh airgid sin a réiteach.

Is ionann an teorainn caiteachais don Phríomhscéim Neamhphá i gcomhair 2018 agus €8,164,687. Is méadú an-bheag é sin ar mhéid 2017 agus tá sé níos lú ná an méid a theastaíonn. Mar gheall ar chostais árachais, glanadh ar conradh agus na costais a bhaineann leis na daltaí breise agus na háiseanna scoile breise tabhóidh BOOÁC DL easnamh thart ar €250k le haghaidh 2018. Ardófar an tsaincheist sin leis an Roinn.

<b>AN BHLIAIN GO DÁTA Feabhra 2019</b>				
<b>Clár</b>	<b>Airgead Deontais Tosaigh larmhéid</b>	<b>Fáltais</b>	<b>Íocaíochtaí</b>	<b>larmhéid Airgid Deontais Deiridh</b>
<b>IOMLÁN NA PRÍOMHSCÉIME MAR PHÁ</b>	<b>43,187</b>	<b>(18,322,515)</b>	<b>18,654,444</b>	<b>375,116</b>
<b>IOMLÁN NA PRÍOMHSCÉIME NEAMHPHÁ</b>	<b>2,719,459</b>	<b>(1,315,184)</b>	<b>2,360,415</b>	<b>3,764,690</b>
<b>AN tIOMLÁN A BHAINNEANN LEIS AN bPRÍOMHSCÉIM</b>	<b>(3,024,500)</b>	<b>(9,459)</b>	<b>691,938</b>	<b>(2,342,021)</b>
<b>IOMLÁN NA mBUNSCOILEANNA</b>	<b>(147,076)</b>	<b>(366,669)</b>	<b>145,412</b>	<b>(368,333)</b>
<b>CAIPITEAL IOMLÁN</b>	<b>(3,569,509)</b>	<b>(580,858)</b>	<b>839,566</b>	<b>(3,310,800)</b>
<b>IOMLÁN NA nDEONTAS TRÍÚ LEIBHÉAL</b>	<b>(410,286)</b>	<b>0</b>	<b>-</b>	<b>(410,286)</b>
<b>AN tIOMLÁN NACH mBAINEANN LEIS AN bPRÍOMHSCÉIM</b>	<b>(699,773)</b>	<b>(4,390)</b>	<b>3,960,367</b>	<b>3,256,204</b>
<b>IOMLÁN NA nIONAD OILIÚNA</b>	<b>(3,589,296)</b>	<b>(10,108,948)</b>	<b>6,129,888</b>	<b>(7,568,356)</b>
<b>IOMLÁN NA SEIRBHÍSÍ ÓIGE</b>	<b>(441,864)</b>	<b>(2,425,471)</b>	<b>555,639</b>	<b>(2,311,695)</b>
<b>IOMLÁN NA GNÍOMHAIREACHTA</b>	<b>(383,033)</b>	<b>(606,447)</b>	<b>728,317</b>	<b>(261,163)</b>
<b>IOMLÁN AN FHÉINMHAOINITHE</b>	<b>(6,187,298)</b>	<b>(679,424)</b>	<b>824,970</b>	<b>(6,041,752)</b>
<b>larmhéid Bainc</b>	<b>(15,689,991)</b>	<b>34,419,364</b>	<b>(34,890,957)</b>	<b>(15,218,396)</b>
<b>MÓRIOMLÁN</b>	<b>(15,689,991)</b>	<b>34,419,364</b>	<b>(34,890,957)</b>	<b>(15,218,396)</b>

Bhí thart ar €15m ar láimh ag BOOÁCDL ag deireadh mhí Feabhra. Baineann an t-easnamh sa Phríomhscéim mar Phá le difríocht uainithe idir an tráth ar eisíodh íocaíochtaí le baill foirne agus an tráth a fuarthas an t-airgead ón Roinn. Carnadh an t-easnamh ar an bPríomhscéim Neamhphá thar chúpla bliain agus is easnamh iarbhír é a mbeidh gá roinnt airgid a fháil chun é a réiteach. Baineann an t-easnamh sa Phríomhscéim Neamhphá le difríocht uainithe idir an tráth ar eisíodh na híocaíochtaí agus an tráth a fuarthas an t-airgead ó SOLAS.

Is ionann an teorainn caiteachais don Phríomhscéim Neamhphá i gcomhair 2019 agus €8,388,292. Is ionann é sin agus méadú 2.7% ar fhigiúr 2018 agus tá sé níos lú ná an méid a theastaíonn. Mar gheall ar chostais árachais, glanadh ar conradh agus na costais a bhaineann leis na daltaí breise agus na háiseanna scoile breise tabhóidh BOOÁCDL easnamh thart ar €250k le haghaidh 2019. Ardófar an tsaincheist sin leis an Roinn.

#### 4.1.2. Ráiteas Bliantúil Airgeadais

Rinneadh an Ráiteas Bliantúil Airgeadais a fhaomhadh tar éis do Claire Markey é a mholadh agus do Gerry McGuire tacú leis.

#### 4.1.3. Plean Seirbhíse 2019

Glacadh leis an bPlean Seirbhíse tar éis do Claire Markey é a mholadh, agus do Gerry McGuire tacú leis

#### 4.1.4. Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

Glacadh leis an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach tar éis do Claire Markey é a mholadh agus do Gerry McGuire tacú leis.

#### 4.1.5. Ráiteas don Aire

Glacadh leis an Ráiteas don Aire tar éis do Claire Markey é a mholadh agus do Gerry McGuire tacú leis.

### 4.2. Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta

Rinneadh tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta a fhaomhadh tar éis do Claire Markey í a mholadh agus do Gerry McGuire tacú léi.

### 4.3. Tuarascáil ar Fhoirgnimh / Chaipiteal

Tugadh an Tuarascáil ar Fhoirgnimh agus Caipiteal faoi deara

D'iarr an Dr. John Walsh go gcuirfí an maoiniú ar fáil chun cosán a dheisiú i gColáiste Pobail Chaisleán Cnucha.

Aontaíodh go scríobhfadh an POF chuig an Roinn chun maoiniú a lorg ar mhaithe leis na cosáin a dheisiú agus athchóiriú a dhéanamh ar na leithris in dhá scoil eile.

Cuireadh inní in iúl maidir le suíomh na cóiríochta sealadaí i gColáiste Pobail Fhine Gall.

#### 4.4. Baill Foirne

##### 4.4.1. Ceapacháin & Arduithe Céime

##### 4.4.2. Daoine ag éirí as

##### 4.4.3. Daoine ag dul ar scor

Tugadh na nuashonruithe ar phróifíl na foirne faoi deara

#### 4.5. Tuarascáil an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin

**Scoil do Leanaí a bhfuil Uathachas Orthu i gceantar Bhaile Átha Cliath 15** - Tionóladh cruinniú le Grúpa Tuismitheoirí na Leanaí a bhfuil Uathachas Orthu i mBÁC15 tar éis chruinniú deiridh an BOO agus mholadh an Clr. Roderic O Gorman. Tá BOOÁCDL tiomanta d'oibriú leis an NCSE agus leis an Roinn chun réiteach a aimsiú. D'aithin an grúpa líon mór leanaí nach bhfuil rochtain acu ar áit i scoil oiriúnach agus ar cosúil gurb é Scoil Speisialta tiomnaithe an rogha is fearr dóibh.

**Comóradh 25 Bliana Choláiste de hÍde** - D'fhreastail an tAire Oideachais agus Scileanna ar Chomóradh 25 Bliana Choláiste de hÍde. Bhí an-dáimh aige leis na daltaí agus leis an baill foirne araon. Bhí slua mór ann idir iarbhaill foirne agus tuismitheoirí, lena n-áirítear iarbhaill agus baill reatha an Bhoird Bainistíochta.

**An Clár um Cheannaireacht Mheánleibhéil a Fhorbairt** - D'fhreastail líon mór daoine ar an gclár ceithre sheimineár um Cheannaireacht Meánleibhéil chomh maith. Cuireadh an clár sin i gcrích le cur i láthair ó Caroline Clarke, atá ina Príomhoide ar C.P. na Sceirí agus atá tugtha ar iasacht d'Iontabhas Scoil Loreto faoi láthair. Bhain an grúpa an-tairbhe as raon iontach seimineár. Ghabh an POF buíochas le Adrian Flynn, an Stiúrthóir Scoileanna, as an gcúrsa a eagrú.

**Cumann na bPobalscoileanna & na Scoileanna Cuimsitheacha (ACCS)** - D'éascaigh an ACCS, comhlacht bainistíochta na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha, cruinniú idir comh-iontaobhaithe na bpobalscoileanna agus na scoileanna cuimsitheacha. Cuireadh cumann comhphátrún ar bun chun plé leis an tsraith feidhmeanna atá le comhlíonadh ag pátrún na scoileanna sin. Tá 17 bpobalscoil agus scoil chuimsitheach i limistéar BOOÁCDL.

**Tionscadail Tógála** - Tá comhfhreagras leanúnach ar siúl trí chruinnithe agus sa phost thar an raon tionscadal tógála leis na hoifigigh sa Roinn atá freagrach astu.

**Baile an Oibricigh** - Bhuail le Cathaoirleach Bhord Bhaile an Oibricigh d'fhonn comhar níos dlúithe a chruthú idir lucht an oideachais agus lucht an chúraim ar Champas Bhaile an Oibricigh chun na torthaí is fearr a bhaint amach do na leanaí.

**Na hAonaid Sainchúraim** - D'fhreastail príomhoidí agus baill foirne ó Aonad Sainchúraim Bhaile Uí Dhúda agus Aonad Sainchúraim Chrannóg Nua ar chúrsaí oiliúna maidir leis na córais a bheidh in úsáid acu amach anseo. Tá siad ag baint tairbhe as tacaíochtaí eile laistigh den BOO chomh maith.

#### **Feachtas Pátrúnachta –**

D'éirigh thar cionn leis an bhfeachtas pátrúnachta do bhunscoileanna. Tugadh dhá bhunscoil do BOOÁCDL i ndeisceart Shoirid agus i dtuaisceart Shoirid. Tabharfar P.S.N. Ghleann na hAbhann agus P.S.N. an Mhóinéir Leathain faoi seach orthu.

Cuirfear tús le feachtais eile d'iar-bhunscoileanna i mBaile Bhlainséir-Iarthar Bhaile Bhlainséir, Iarthar na Cathrach agus Teach Sagard agus Baile na nGabhar-Stigh Lorgan go luath. D'fhéadfaí tús a chur le feachtais le haghaidh bunscoileanna i nDomhnach Bat, Ráth Cúil-an Caisleán Nua, an Naigín-Coill na Silíní ag an am céanna. Tionólfar cruinniú do phátrúin sa Roinn Dé hAoine.

**Féile an Cheoil** - Bhí Féile an Cheoil ar siúl Dé Luain, an 25 Márta. Ghabhan POF buíochas speisialta le Paul Kingston agus Carmel O Neill as an eagraíocht a stiúradh. Ghabh sé buíochas le Vanessa Butler, Aoife Staunton, Danielle Colgan agus Cormac Cassidy chomh maith.

#### 4.6. Tuarascáil Bhliantúil Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, 2018

Rinneadh an Tuarascáil Bhliantúil a fhaomhadh tar éis don Clr. Sorcha Nic Chormaic í a mholadh agus do Claire Markey tacú léi.

- | 5.    | <b>Comhfhreagras ón Roinn</b>   | Nótáilte |
|-------|---|----------|
| 5.1.  | CL02/2019 An Cód Cleachtais um Rialachas Bhoird Oideachais agus Oiliúna (nóta míniúcháin ceangailte leis seo)   |          |
| 5.2.  | CL03/2019 Treoirínte Dea-chleachtais & riachtanais maidir le conradh i gcomhair earraí & seirbhísí  |          |
| 5.3.  | CL04/2019 Clár Diplóma Iarchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach do Mhúinteoirí Oideachais Speisialta, 2019/2020  |          |
| 5.4.  | CL05/2019 Teastas Iarchéime in Oideachas a chur ar Dhaltaí a bhfuil Neamhord ar Speictream an Uathachais (NSU) orthu do mhúinteoirí a oibríonn le Daltaí a bhfuil NSU orthu i Scoileanna Speisialta, Ranganna Speisialta nó mar Mhúinteoirí Oideachais Speisialta i mBunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna príomhshrutha, 2019/2020 |          |
| 5.5.  | CL06/2019 Clár Teastais/Diplóma Iarchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach do Mhúinteoirí a oibríonn le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (Neamhord ar Speictream an Uathachais) acu   |          |
| 5.6.  | CL07/2019 Leithdháileadh Múinteoirí don Oideachas Speisialta – Bunscoileanna Príomhshrutha  |          |
| 5.7.  | CL08/2019 Leithdháileadh Múinteoirí don Oideachas Speisialta – Iar-bhunscoileanna   |          |
| 5.8.  | CL14/2019 Leithdháileadh Faofa na bPost Múinteoireachta don Scoilbhliain 2019/20  |          |
| 5.9.  | CL15/2019 Scéim chun Múinteoirí a Chomhroinnt idir Iar-bhunscoileanna Aitheanta don Scoilbhliain 2019/2020  |          |
| 5.10. | CL16/2019 An Scéim Teagmhála Baile, Scoile agus Pobail: Comhordaitheoirí na Teagmhála Baile, Scoile agus Pobail a Shannadh laistigh de Scoileanna DEIS  |          |
| 5.11. | CL17/2019 Scéim aisíoctha táillí múinteoirí 2018  |          |
| 5.12. | CL18/2019 An Scéim Deontais um bonneagar TFC, an Scoilbhliain 2018/2019   |          |
| 5.13. | CL19/2019 Na socrúithe foirne i mBunscoileanna don scoilbhliain 2019/20   |          |
| 5.14. | CL20/2019 An Tráth Scaoilte do Phríomhoidí i mBunscoileanna   |          |
| 5.15. | CL21/2019 Incrimintí breise a chur i bhfeidhm arna ndámhachtain maidir le hIontrálaithe Nua faoi Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013-2020 (Comhaontú Bhóthar Haddington/ Chomhaontú Bhóthar Lansdún).  |          |
| 5.16. | CL22/2019 Athbhreithniú ar Thuarastail Múinteoirí ina nIontrálaithe in 2011 le héifeacht ón 1 Márta 2019 – incrimintí breise a chur i bhfeidhm  |          |



- 5.17. CL24/2019 Athbhreithniú ar Thuarastail maidir le baill foirne áirithe (Seachas múinteoirí agus cúntóirí riachtanais speisialta) arna bhfostú ag BOOnna le héifeacht ón 1 Aibreán 2019

**6. Comhfhreagras ó fhoinsí eile Nótáilte**

- 6.1. Litir dar dáta an 4 Feabhra ó BOO an Longfoirt & na hIarmhí ina n-iarrtar tacaíocht maidir le croí-ábhair a choinneáil sa Shraith Shóisearach nua

Comhaontaíodh go dtabharfadh an POF freagra ar son an Bhoird, ina míneodh sé nach raibh sé de dhualgas ar Ghairmscoileanna riamh Stair a mhúineadh ach gur chuir siad ar fáil í i gcónaí mar rogha nó mar chuid den chlár do dhaltaí de réir mar ba chúil i ndáil lena riachtanais foghlama. Tá a lán míthuiscint sa tír seo faoin gcreat nua don tSraith Shóisearach. Cuireann sí ar chumas scoileanna foráil a dhéanamh do riachtanais a gcuid daltaí agus spreagtar cúrsaí gearra léi mar aon leis na hábhair thraidisiúnta. Baineann na cúrsaí gearra sin le topaicí amhail códú, Sínis, corpoideachas, OSPS, CSI:eolaíocht fhóiréinseach etc agus féadfaidh scoileanna a gcúrsaí féin a fhorbairt i gcomhréir leis an treoir ón CNCM. Thug na baill faoi deara go ndearna an tAire athbhreithniú a choimisiúnú ar áit na Staire sa tSraith Shóisearach. Foilseofar é sin go luath agus tabharfar aghaidh ann ar na cúiseanna imní don phobal i ndáil leis an Stair.

**7. Breithniú ar Ionadaí an BOO a cheapadh ar Bhord Bainistíochta Scoil Chormaic**

Ainmníodh an Clr. Malachy Quinn (Co. Co. Fhine Gall) do Bhord Bainistíochta Scoil Chormaic ar mholadh Shorcha Nic Chormaic agus thacaigh an Clr. Gráinne Maguire leis an moladh sin.

**8. Breithniú ar Ionadaí an Phobail a cheapadh ar Bhord Bainistíochta P.S.N. Iarthar na Cathrach agus Theach Sagard**

Ainmníodh Elaine Tighe do Bhord Bainistíochta P.S.N. Iarthar na Cathrach agus Theach Sagard ar mholadh Gerry McGuire, agus le tacaíocht ó Claire Markey.

**9. Breithniú ar Ionadaí an Phobail a cheapadh ar Bhord Bainistíochta Institiúid Bhreisoideachais na Carraige Duibhe**

Ainmníodh Mary Boissel do Bhord Bainistíochta Institiúid Bhreisoideachais na Carraige Duibhe ar mholadh Claire Markey, le tacú ón gComhairleoir Roderick O’Gorman.

**10. Breithniú ar Bhord Bainistíochta a cheapadh do Scoileanna Speisialta – Crannóg Nua agus Baile Uí Dhúda**

D’fhaomh an Bord ceapadh na mBord Bainistíochta oidhreachta le haghaidh Chrannóg Nua agus Baile Uí Dhúda ar mholadh Gerry McGuire, agus thacaigh Claire Markey leis an moladh sin. Scaipfear an liosta nuashonraithe de bhaill na mbord sin chuig na baill uile.

## **11. Breithniú ar léas a fháil chun talamh a úsáid ag Ionad Carline, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath**

**22**

Thug an bord cead do BOOÁCDL comhaontú léasa a dhéanamh le hIonad Carline ar mholadh Claire Markey, agus thacaigh Gerry McGuire leis an moladh sin.

## **12. Beartais agus Nósanna Imeachta**

- 12.1. Beartas um Nochtadh Cosanta
- 12.2. An Beartas maidir le Táillí a Admháil i Scoileanna & Ionaid
- 12.3. An Beartas maidir le Córas Bainistíochta Airgid agus Bainc Scoile

Tugadh na beartais thuas faoi deara

### **12.4. An Beartas um Ráiteas Cumhdaigh Leanaí do Chomhlacht Corparáideach**

Ghlac an Bord leis an mBeartas um Ráiteas Cumhdaigh Leanaí do Chomhlacht Corparáideach tar éis do Gerry McGuire é a mholadh agus do Shorcha Nic Chormaic tacú leis. Fiosraíodh cibé an bhfuil sé de dhualgas ar an BOO glacadh leis an mbeartas sin nó díreach é a thabhairt faoi deara ós rud é go bhfuil sé á athbheithniú gan aon athruithe a dhéanamh seachas an bhliain lena mbaineann sé.

## **13. Gnó na mBall**

An Dr. John Walsh

“Fiosrú den Phríomhfheidhmeannach an bhfuair an BOO aon fhógra maidir leis an suíomh atá beartaithe don iar-bhunscoil nua in Iarthar Bhaile Bhlainséir agus fiosrú an bhféadfadh an BOO an géarghá le scoil dara leibhéal nua i gceantar Ongar/an Bhealaigh Bhig a chur in iúl don Roinn, áit a ndéanfar scoileanna reatha an BOO nó na pobalscoileanna reatha ina mbíonn ionadaíocht ag an BOO a chomhlánú seachas bheith i gcoimhlint leo”

Chuir Paddy Lavelle, POF, in iúl do na baill gur scríobh sé chuig oifigigh na Roinne Oideachais & Scileanna agus gur bhuaill sé leo chun an t-ábhar a phlé. Léireofar an leibhéal spéise sa cheantar sin leis an bhfeachtas pátrúnachta atá ar na bacáin. Iarradh ar BOOÁCDL láithreáin a fháil ar son na Roinne. Léirigh an Roinn go mbíonn eolas áitiúil na gcomhairleoirí agus na mball fíorthábhachtach dóibh agus pleanáil á déanamh acu ionas go mbeadh siad ar an eolas faoi shaincheisteanna áitiúla.

## **14. Aon ghnó eile faoi rogha an Chathaoirligh**

Thug na baill ábhar an chomhfhreagrais ó Aontas Múinteoirí Éireann faoi deara maidir le hagóid a rinneadh le déanaí lasmuigh de Cheannoifig BOOÁCDL. Comhaontaíodh go scríobhfadh an POF chuig SGTO na Roinne Oideachais & Scileanna ar son an Bhoird chun a dtacaíocht do na múinteoirí maidir leis an ábhar sin a léiriú agus chun a iarraidh ar an Roinn dul i dteagmháil leis na haontais chun an tsaincheist sin a réiteach.

Ghabh Olive Phelan a buíochas le Paddy Lavelle as a eochairaitisc agus a chuid tacaíochta ag imeacht NALA um Fhoghlaim Daltaí le déanaí. Rinne sí cur síos ar eispéiris na bhfoghlaimoirí a fuair dearbhú in imeachtaí NALA d'fhoghlaimoirí. Tá scéalta an-bhrónacha acu ach léiríonn siad an sár-obair atá á déanamh ag na Seirbhísí Oideachais Aosaigh sa BOO seo agus in áiteanna eile ar fud na tíre.